Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Nollaig 2025
(OR. en)

16442/25
PV CONS 64
EDUC 489
JEUN 250
CULT 147
AUDIO 132
SPORT 56
*PARLNAT*

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt)

27 agus 28 Samhain 2025

## CRUINNIÚ DÉARDAOIN, AN 27 SAMHAIN 2025

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 15626/25 + COR 1.

**2. Formheas na míreanna 'A'**

**Liosta neamhreachtach** — 15700/1/25 REV 1

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n- áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna sin san aguisín.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

AN ÓIGE

**3. Athléimneacht a neartú i measc daoine óga trí Erasmus+ 2028-2034**[1] — 14931/25
*Seisiún tuairimíochta*

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle ar bhonn nóta stiúrtha mar a leagtar amach sa doiciméad thuas.

OIDEACHAS

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**4. Rialachán maidir le Erasmus+** — 14944/1/25 REV 1
*Tuarascáil ar dhul chun cinn*

Thug an Chomhairle dá haire an tuarascáil ar dhul chun cinn na hUachtaránachta mar a leagtar amach sa doiciméad thuas.

[1] I láthair ionadaí ó Chomhairle Óige na Danmhairge (DUF).

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

**5. Rún maidir leis an dara timthriall den chreat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais (2026-2030)** 15586/25

*Staid na himeartha*

Thug an Chomhairle dá haire staid na himeartha.

Thíolaic an Ungáir ráiteas, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis na miontuairiscí seo.

**6. Ról an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna san iomaíochas agus san athléimneacht** 14932/25

*Seisiún tuairimíochta*

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle ar bhonn nóta stiúrtha mar a leagtar amach sa doiciméad thuas.

**Aon ghnó eile**

7. An Óige

**(a) Torthaí an phlé ag cruinniú neamhfhoirmiúil céadphroinne Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh**[2]

*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

(b) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta

*Faisnéis ón gCipir*

Oideachas

**(c) Tuarascáil bhliantúil 2025 ar dhul chun cinn maidir le Simpliú, Cur Chun Feidhme agus Forfheidhmiú** 15463/25 + COR 1

*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

---

2 I láthair ionadaí ó Chomhairle Óige na Danmhairge (DQF) agus ionadaí ó Fhóram Eorpach na nÓg.

(d) **Tosaíochtaí Uachtaránacht na Laitvia maidir leis na Scoileanna Eorpacha – Bliain Scoile 2025/2026** 15863/25
*Faisnéis ón Laitvia*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Laitvia ar fáil.

(e) **Inbhuanaitheacht chomhghuaillíochtaí na n-ollscoileanna Eorpacha a áirithiú** 15919/25
*Faisnéis ón bhFrainc, le tacaíocht ón Spáinn, ón Iodáil, ón bPolainn, ón tSlóivéin agus ón tSlóvaic*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Fhrainc ar fáil, le tacaíocht ón Iodáil, ón bPolainn, ón tSlóivéin, ón tSlóvaic, agus ón Spáinn.

(f) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ón gCipir*

**CRUINNIÚ DÉ hAOINE, AN 28 SAMHAIN 2025**

CULTÚR, CLOSAMHARC AGUS MEÁIN

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

8. **Conclúidí ón gComhairle maidir le ról straitéiseach an chultúir, na hoidhreachta cultúrtha agus na saothar closamhairc i gcaomhnú luachanna na hEorpa agus na hathléimneachta daonlathaí** 14747/25 **+ 14747/1/25 REV1 (da, de, el, fr, pl, ro, sv)**
*Formheas*

D'fhormheas an Chomhairle na conclúidí mar a leagtar amach sa doiciméad thuas iad agus chomhaontaigh sí go bhfoilseofaí san Iris Oifigiúil iad.

9. **Conclúidí maidir le rochtain ar nuacht iontaofa mar chuid den Sciath Eorpach don Daonlathas** 15234/25
*Formheas*

Níor fhormheas an Chomhairle na dréachtchonclúidí. Ina ionad sin, chinn an Uachtaránacht an téacs a eisiúint mar chonclúidí ón Uachtaránacht le tacaíocht ó 26 Bhallstát.

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**10. Clár AgoraEU** ❶C 15187/25
*Tuarascáil ar dhul chun cinn*

Thug an Chomhairle dá haire an tuarascáil ar dhul chun cinn mar a leagtar amach sa doiciméad thuas.

SPÓRT

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

**11. Rún lena ndéantar athbhreithniú ar ionadaíocht agus ar chomhordú Bhallstáit an Aontais le haghaidh WADA** 2 14936/25 + **14936/1/25 REV 1 (es, hr, pl)**
*Formheas*

D'fhormheas an Chomhairle an rún mar a leagtar amach sa doiciméad thuasluaite.

**12. Daonlathas agus trédhearcacht sa spórt** 2 14930/25
*Seisiún tuairimíochta*

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle ar bhonn nóta stiúrtha mar a leagtar amach sa doiciméad thuas.

**Aon ghnó eile**

13. Cultúr, Closamharc agus Meáin

**(a) Compás Cultúir don Aontas Eorpach** 2 15410/25 + ADD 2
*Cur i láthair ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

**(b) An Sciath Eorpach don Daonlathas** 2 15387/25
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

(c) **Tuarascáil bhliantúil 2025 ar dhul chun cinn maidir le Simpliú, Cur Chun Feidhme agus Forfheidhmiú (Óige, Cultúr agus Spórt)** 15460/25
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

(d) **Cruinniú neamhfhoirmiúil na n-airí cultúir agus na n-airí meán (Cóbanhávan, an 3 go dtí an 4 Samhain 2025)** 15713/25
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

(e) **Príomhchathair Chultúir na hEorpa 2026: Trenčín** 14991/25
*Faisnéis ón tSlóvaic*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an tSlóvaic ar fáil.

(f) **Príomhchathair Chultúir na hEorpa 2026, Oulu: Cruthaitheacht i measc na hóige, stíl mhaireachtála an tuaiscirt, nuálaíochtaí trasearnála agus nádúr álainn** 15183/25
*Faisnéis ón bhFionlainn*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Fhionlainn ar fáil.

(g) **Príomhchathair Chultúir na hEorpa 2030: Lováin** 15184/25
*Faisnéis ón mBeilg*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Bheilg ar fáil.

(h) **Príomhchathracha Cultúir agus Idirphlé na Meánmhara 2026: Tetuan (Maracó) agus Matera (an Iodáil), a spreagann an t-idirphlé agus an nuálaíocht** 15343/25
*Faisnéis ón Iodáil*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Iodáil ar fáil.

(i) **Príomhchathracha Cultúir na Polainne 2026-2028** 15482/25
*Faisnéis ón bPolainn*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Pholainn ar fáil.

**(j) Saoirse an léirithe ealaíonta** 15360/25
*Faisnéis ó Lucsamburg*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir Lucsamburg ar fáil.

**(k) Eorpú ARTE** 15670/25
*Faisnéis ón bhFrainc agus ón nGearmáin*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Fhrainc agus an Ghearmáin ar fáil.

**(l) Torthaí chruinniú Mondiacult sa Spáinn (Barcelona, an 29 Meán Fómhair go dtí an 1 Deireadh Fómhair 2025)** 15181/25
*Faisnéis ón Spáinn*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Spáinn ar fáil.

**(m) Cosaint na hoidhreachta cultúrtha in Gaza** 15182/25
*Faisnéis ón Spáinn*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Spáinn ar fáil.

**(n) Sábháilteacht Iriseoirí mar Réamhriachtanas do Shaoirse na Meán** 14989/25
*Faisnéis ón tSlóivéin*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an tSlóivéin ar fáil.

**(o) Saoirse chultúrtha san Eoraip** 15185/25
*Faisnéis ón nGearmáin*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ghearmáin ar fáil.

(p) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ón gCipir*

Spórt

**(q) An sos cogaidh le linn na gcluichí Oilimpeacha mar ionstraim chun an tsíocháin agus an t-athmhuintearas a chur chun cinn i measc pobal. Cluichí Oilimpeacha an Gheimhridh XXV 2026 in Milano-Cortina agus Cluichí Para-Oilimpeacha an Gheimhridh XIV** [P2] 15607/25
*Faisnéis ón Iodáil*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Iodáil ar fáil.

(r) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ón gCipir*

---

[P2] Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

[1] An chéad léamh

[C] Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

**Ráiteas a ghabhann leis na míreanna neamhreachtacha 'B' a leagtar amach in 15626/25+ COR1**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 5 ar liosta na míreanna 'B':** | **Rún maidir leis an dara timthriall den chreat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais (2026-2030)**<br>*Staid na himeartha* |

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

'Measann an Ungáir go bhfuil an tsoghluaisteacht foghlama – go háirithe dóibh siúd ar lú na deiseanna atá acu – ríthábhachtach chun na córais ardoideachais san Eoraip a idirnáisiúnú agus gur ceart bunúsach oideachasúil í. Dá bhrí sin, aontaíonn an Ungáir le cuspóir an Dréachtrúin seo sciar na gcéimithe a bhfuil eispéireas soghluaisteachta foghlama thar lear acu a mhéadú san ardoideachas. Mar sin féin, tá ról lárnach ag clár Erasmus+ maidir le cuspóirí an Dréachtrúin a bhaint amach. Measann an Ungáir go bhfágann tionchar *Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2506 ón gComhairle an 15 Nollaig 2022 maidir le bearta chun buiséad an Aontais a chosaint ar sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta ag an Ungáir* nach féidir le 217 402 mhac léinn, 19 256 mhúinteoir, chomh maith le mic léinn eachtracha atá ag staidéar san Ungáir a bheith rannpháirteach i gclár Erasmus+. Is constaic ollmhór ar an tsoghluaisteacht é an smachtbhanna sin, dá bhrí sin, áitímid gur cheart go n-aithneofaí sa chéad phointe den doiciméad seo an ceart bunúsach atá ag gach mac léinn san Ungáir a bheith in ann páirt a ghlacadh i gclár Erasmus. Ní féidir na spriocanna eile go léir a shainiú ach ina dhiaidh sin, toisc go ndéanann an cinneadh sin damáiste dochúlaithe ní hamháin do mhuintir na hUngáire a fhágtar as an gclár, ach do chomhphobal iomlán na hEorpa freisin. Ag an am céanna, tá an Ungáir tiomanta i gcónaí d'idirnáisiúnú an ardoideachais. Chun na críche sin, seoladh Clár Pannonia chun a áirithiú go mbeidh deis ag gach mac léinn Ungárach ar an tsoghluaisteacht foghlama.

Thairis sin, i gcomhréir le Dlí Bunúsach agus le reachtaíocht náisiúnta na hUngáire, le Conarthaí an Aontais Eorpaigh agus le gealltanais agus prionsabail eile a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, is é an léirmhíniú atá ag an Ungáir ar an gcoincheap 'inscne' tagairt d'fhir agus do mhná. Thairis sin, léirmhíníonn an Ungáir an téarma 'éagsúlacht' i gcomhréir le Conarthaí an Aontais Eorpaigh agus le forálacha Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh sa Dréachtrún.'